Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12519/21**

**FISC 160**
**ECOFIN 939**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste/Comhairle na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12101/21 FISC 146 ECOFIN 868 + COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Deireadh Fómhair 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

1. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé sásraí dea-rialachais cánach, cánachas cothrom, trédhearcacht chánach dhomhanda agus comhrac na calaoise cánach, na n-imghabhála cánach agus na seachanta cánach a chur chun cinn agus a neartú, ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain araon;

2. TUIGEANN SÍ an comhar táirgthe leanúnach i ndáil le cúrsaí cánach idir Meitheal an Aontais um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó ('an Mheitheal um an gCód Iompair') agus formhór na ndlínsí ar fud an domhain;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta sna dlínsí ábhartha trí bhíthin na gcéimeanna gníomhacha a tugadh faoi na spriocdhátaí a comhaontaíodh agus na gealltanais nua a tugadh le go réiteofar na heasnaimh a shainaithin an Mheitheal um an gCód Iompair;

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur coinníoll é an malartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit uile chun go gcomhlíonfaidh an Tuirc critéar 1.1 de liosta an Aontais; i ndáil leis sin, MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi an 18 Feabhra 2020 agus an 22 Feabhra 2021; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gealltanas a thug Rialtas na Tuirce an 19 Bealtaine 2021 go ngníomhachtódh sé caidreamh malartaithe faisnéise uathoibríoch faoin 30 Meitheamh 2021 leis na Ballstáit uile lena bhfuil caidreamh taidhleoireachta ag an Tuirc; TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin na céimeanna a thug an Tuirc chun caidreamh malartaithe a ghníomhachtú le roinnt Ballstát breise; CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh gá le tuilleadh rannpháirtíochta agus oibre teicniúla maidir le sonraí a mhalartú go héifeachtach ón Tuirc chuig na Ballstáit uile chun na caighdeáin idirnáisiúnta uile a comhaontaíodh a shásamh agus conclúidí Chomhairle Ecofin an 22 Feabhra 2021 a urramú go hiomlán; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil an dul chun cinn atá déanta ag an Tuirc i gcomhréir go hiomlán fós leis na gealltanais a cheanglaítear faoi na conclúidí thuasluaite. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór faisnéis do na blianta fioscacha 2020 agus 2021 agus ar aghaidh a sheoladh de réir fhéilire agus chaighdeáin ECFE i gcomhair malartú uathoibríoch faisnéise leis na Ballstáit uile; IARRANN SÍ ar an Tuirc, mar ábhar práinne, tús a chur leis an obair theicniúil dhéthaobhach leis na Ballstáit nó leanúint ar aghaidh léi, agus saincheisteanna teicniúla atá fós gan réiteach a réiteach ionas go malartófar sonraí go héifeachtach a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2021; MEASANN SÍ gur ceist leasa choitinn iad na céimeanna praiticiúla i malartú éifeachtach na faisnéise a rannchuideodh le comhar cánach idir an tAontas agus an Tuirc; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le malartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit uile; IARRANN SÍ ar an Meitheal an Chomhairle a chur ar an eolas maidir lena bhfuil ag titim amach i ndáil leis sin agus leanúint den idirphlé agus den obair leantach theicniúil ar chur chun feidhme malartú éifeachtach sonraí leis an Tuirc a choinneáil ar bun agus a neartú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a comhaontaíodh, agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach i gcás nach ndearnadh aon dul chun cinn ina leith; MEASANN SÍ nach mbeadh ach malartú uathoibríoch faisnéise éifeachtach leis na Ballstáit uile leordhóthanach chun na ceanglais a chomhlíonadh faoi na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle; MEABHRAÍTEAR DI Conclúidí ón gComhairle mhí Feabhra 2021 agus an tábhacht atá le malartú éifeachtach faisnéise cánach le Ballstáit uile an Aontais a áirithiú;

5. IS OTH LÉI nach bhfuil leordhóthain céimeanna tugtha ag roinnt dlínsí chun a ngealltanais a chur chun feidhme faoin spriocdháta a comhaontaíodh, nó nach bhfuil siad rannpháirteach in idirphlé fóinteach a d'fhéadfadh na gealltanais sin a ghiniúint agus IARRANN SÍ ar na dlínsí sin oibriú leis an Meitheal um an gCód Iompair chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach;

6. FORMHEASANN SÍ Tuarascáil COCG a leagtar amach in 12212/21;

7. FORMHEASANN SÍ dá réir sin liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach ('liosta an Aontais') a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

8. FORMHUINÍONN SÍ staid na himeartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme.

**IARSCRÍBHINN I**

**Liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**

**1. Samó Mheiriceá**

Ní chuireann Samó Mheiriceá aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

**2. Fidsí**

Ní comhalta í Fidsí den Fhóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach ('an Fóram Domhanda'), níor shínigh sí ná níor dhaingnigh sí an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha aici, níl sí ina comhalta den Chreat Cuimsitheach um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ná níor chuir sí íoschaighdeáin ECFE frith-BEPS i bhfeidhm agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill aici.

**3. Guam**

Ní chuireann Guam aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil sé ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

**4. Oileáin Palau**

Ní chuireann Oileáin Palau aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

**5. Panama**

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Panama ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige. Tá córas díolúine maidir le hioncaim ó fhoinsí eachtracha díobhálach ag Panama agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

6. **Samó**

Tá córas cánach fabhrach díobhálach ag Samó agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

7. **Oileán na Tríonóide agus Tobága**

Ní chuireann Oileán na Tríonóide agus Tobága aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad acu ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

8. **Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe**

Ní chuireann Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

9. **Vanuatú**

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Vanuatú ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin, éascaíonn sé struchtúir agus socruithe amach ón gcósta arb é is aidhm dóibh brabúis nach bhfuil aon fhíorshubstaint eacnamaíoch ag baint leo a mhealladh, agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

**IARSCRÍBHINN II**

**Staid na himeartha maidir leis an gcomhar leis an Aontas i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme**

1. **Trédhearcacht**

1.1. *Gealltanas an malartú uathoibríoch faisnéise a chur chun feidhme, trí Chomhaontú Iltaobhach na nÚdarás Inniúil a shíniú nó trí chomhaontuithe déthaobhacha*

Meastar go ndéanfaidh an dlínse seo a leanas faisnéis a mhalartú go huathoibríoch leis na 27 mBallstát uile de réir na hamlíne dá dtagraítear i mír 6 de Chonclúidí ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 agus i mír 4 de Chonclúidí ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021.

**An Tuirc**

1.2. *Comhaltas san Fhóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach ('an Fóram Domhanda') agus rátáil shásúil i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin*

Tá an dlínse seo a leanas, a thug gealltanas rátáil leormhaith a bhaint amach faoi dheireadh 2018, ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**An Tuirc**

Tá an tír seo a leanas atá i mbéal forbartha agus gan aon lárionad airgeadais, a thug gealltanas rátáil leormhaith a bhaint amach faoi dheireadh 2019, ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**An Bhotsuáin**

Tá na dlínsí seo a leanas ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**Anguilla, Barbadós, Doiminice, na Séiséil**

1.3. *Shínigh agus dhaingnigh Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach nó líonra comhaontuithe lena gcumhdaítear Ballstáit uile an Aontais*

Na tíortha seo a leanas atá i mbéal forbartha agus gan aon lárionad airgeadais acu, a bhfuil dul chun cinn nach beag déanta acu lena gcuid gealltanas a chomhlíonadh, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2021 dóibh chun Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach a dhaingniú:

**An Téalainn**

**2**. **Cánachas Cothrom**

2.1. *Córais chánach dhíobhálacha atá ann*

Na dlínsí seo a leanas, a thug gealltanas a gcórais díolúine ioncaim foinse eachtraí dhíobhálacha a leasú nó a dhíothú, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2022 dóibh chun a reachtaíocht a oiriúnú:

**Cósta Ríce, Hong Cong, an Mhalaeisia, Catar, Uragua**

Na dlínsí seo a leanas, a thug gealltanas a gcórais chánach fhabhracha dhíobhálacha a leasú nó a dhíothú faoi raon feidhme an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2022 dóibh chun a reachtaíocht a oiriúnú:

**Iamáice, an Iordáin, an Mhacadóin Thuaidh, Catar**